# Bealach a Phleanáil

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Tomhais - am, airgead<br>Uimhreas - oibríochtaí, deachúlacha, céatadáin<br>Sonraí - sonraí a léiriú agus a léirmhíniú<br>*Comhtháthú - Teanga, OSIE* |
| **Scileanna Forbartha** | • Comhtháthú agus nascadh - mata a aithint sa timpeallacht<br>• Cumarsáid agus cur in iúl - na próisis a d'úsáidfí mar aon le torthaí gníomhaíochtaí, fadhbanna agus tionscadal matamaiticiúil a phlé agus a mhíniú ar bhealach eagraithe<br>• Cur i bhfeidhm - straitéisí meabhracha agus bealaí oibre a chumadh agus a úsáid chun tascanna matamaiticiúla a chomhall |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | airgead, costas, fad, céatadáin, maidin, iarnóin, trathnóna, uair, bomaite, ciliméadar, lítear, luas, fad, tábla, graf, picteagram, barrachairt shingil agus iolrach, píchairt, meastachán |
| **Áiseanna** | inneall cuardaigh, Google Maps, pinn luaidhe, rialóirí, áireamháin |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Fiosraíonn daltaí na faid idir mórchathracha in Éirinn agus socraíonn siad ar an gcaoi chun an t-eolas seo a chur i láthair.

### 2 Gníomhaíocht 2

Bunaithe ar an eolas ó Ghníomhaíocht 1 roghnaíonn daltaí dhá chathair agus ríomhann siad:

- Cén fhad a bheadh turas fillte
- Cén fhad a thógfadh sé ag taisteal x ciliméadar san uair
- An costas ar bhreosla
- Táillí dola
- Bealaí eile
- An t-am is fearr chun tús a chur leis an turas

### 3 Gníomhaíocht 3

Ansin, cuireann na daltaí carr leictreach i gcomparáid le carr peitril nó díosail. Mar shampla, d'fhéadfadh siad an laghdú costais maidir le carranna leictreacha agus an tionchar timpeallachta a chur san áireamh srl. Ansin, is féidir leo é sin a mheas maidir leis an am sa bhreis atá ag teastáil chun an fheithicil a luchtú.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cén fhad atá sé idir Cathair X agus Cathair Y?<br>• Cén fhad a thógfadh sé taisteal go Cathair X?<br>• Cén costas a bheadh ar an turas go Cathair X i gcarr peitril/díosail?<br>• Má fhágann tú Cathair X ag 8:00 a.m., cén t-am a mbeidh tú i gCathair Y?<br>• Cén t-am é am X ar an gclog 12 uair/24 uair? | • Conas a shocraigh tú do shonraí a chur i láthair ar an gcaoi seo?<br>• Cad a insíonn na sonraí duit?<br>• Cén t-eolas nach bhfuil léirithe ar an ngraf?<br>• Conas a shocraigh tú ar na cathracha sin?<br>• Cén fáth ar shocraigh tú fágáil ag am x?<br>• Cad iad na cúinsí eile a chuaigh i bhfeidhm ar do rogha bealach?<br>• Cé acu ab fhearr leat, taisteal i gcarr peitril nó díosail, nó i gcarr leictreonach? Cén fáth? |

## Difreáil

Socraigh líon na gcathracha/gcúinsí lena gcur san áireamh maidir le bealach a phleanáil de réir thuiscint na ndaltaí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.